



# ELeathanach 428



Dé Luain, an 23 Eanáir 2023

## Bliain Úr na Síneach 2023

Dé Domhnaigh, an 22 Eanáir, bhí ceiliúradh ar Bhliain Úr na Síneach. Is í seo an fhéile is tábhachtaí sa tSín. Bíonn ainmí luaite le gach bliain ar an bhféilire Síneach.

Tá 12 ainmí ann agus athraíonn an t-ainmí gach bliain. Céad slán leis an tógar ón mbliain seo caite agus tús le Bliain an Choinín, go speisialta an coinín uisce.

Mairfidh an fhéile ar feadh 15 lá go hoifigiúil, ach uaireanta leanann an ceiliúradh ar ghaidh ar feadh daichead lá, creid é nó ná creid!

Bíonn a lán féastaí ann agus tugann daoine cuairt ar ghaolta. Bíonn tinte ealaíne, neart spraoi agus spóirt ag muintir na Síne freisin sa tSín agus ar fud na cruinne.

Xinníán hǎo (Athbhliain faoi mhaise duit)



## Trí phiscín ag lorg teaghlaigh!

Sna Stáit Aontaithe, tá aerlíne "Frontier" sásta dearbháin saor in aisce a bhronnadh ar aon duine atá sásta ceann de na piscíní seo a ghlacadh.

'Spirit', 'Delta' agus 'Frontier' is ainm dóibh agus tá siad gleoite. Tá an aerlíne ag lorg baile buan do na piscíní seo. Tá siad sásta dearbháin de €500 an duine a thabhairt d'aon duine a ghlacann 'Spirit' nó 'Delta'. Tabharfaidh an aerlíne €1000 d'aon duine a ghlacann 'Frontier'.

Ar fud na tíre agus ar fud an domhain, bíonn an-chuid ainmhithe ag lorg teaghlaigh. Tá an aerlíne agus carthanachtaí ainmhithe ag súil go gcabhróidh an scéal seo chun aird daoine a dhíriú ar an bhfadhb idirnáisiúnta seo.



## An Astráil a shábháil píosa ar phíosa.

An bhliain seo caite, rinne eolaithe taighde agus thug siad faoi deara gur tháinig laghdú 29% ar an méid plaistigh atá ar thránna na hAstráile ó 2013.

Bhí *Gníomhaireacht Náisiúnta Eolaíochta na hAstráile* ag obair go dian dícheallach ar an bhfeachtas seo agus bhí siad ar mhuintir na muice nuair a tháinig laghdú ar an **truailliú ó phláisteach**.

Tuigean muid go léir go bhfuil sé an-tábhachtach níos lú plaistigh a úsáid. Tá 8 milliún píosa plaistigh ag dul isteach i bhfarraigí an domhain gach lá. Is é an bealach is tapúla chun é seo a laghdú, ná níos lú plaistigh a úsáid.



**Truailliú ó phláisteach**  
ar an trá.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-  
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,  
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas  
Gaelschta & Gaelscoláochta

